Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Iúil 2019
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2019/0151(COD)**

11228/19
ADD 1

RECH 406
COMPET 582
EDUC 351
CODEC 1299
IA 176

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 11 Iúil 2019 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2019) 331 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (athmhúnlú) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2019) 331 final ón gCoimisiún.

---

Faoi iamh: COM(2019) 331 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 11.7.2019
COM(2019) 331 final

ANNEXES 1 to 3

# IARSCRÍBHINNÍ

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**maidir leis an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (athmhúnlú)**

{SEC(2019) 275 final} - {SWD(2019) 330 final} - {SWD(2019) 331 final}

▼ 1292/2013 Airteagal 2 agus Iarscríbhinn (oiriúnaithe)
⇨ nua

# IARSCRÍBHINN I

***REACHTANNA NA HINSTITIÚIDE EORPAÍ UM NUÁLAÍOCHT AGUS TEICNEOLAÍOCHT***

**ROINN 1**

*COMHDHÉANAMH AN BHOIRD RIALAITHE*

~~1. Beidh comhaltaí ceaptha agus comhaltaí ionadaíocha araon ar an mBord Rialaithe.~~

1~~2~~. Beidh ~~12~~ ⇨ 15 ⇦ chomhalta ~~cheaptha~~ ar an mBord Rialaithe, arna gceapadh ag an gCoimisiún, lena soláthrófar cothromaíocht idir iad siúd a bhfuil taithí acu ar ghnó, ar an ardoideachas agus ar thaighde. ⌦ Ceithre bliana a bheidh i dtéarma ⌫ ~~Téarma~~ oifige ~~ceithre bliana nach bhféadfar a athnuachan a bheidh acu.~~ ⌦ chomhaltaí an Bhoird Rialaithe ⌫ . ⇨ Féadfaidh an Coimisiún síneadh ama dhá bhliain a chur leis an téarma oifige sin ar thogra ón mBord Rialaithe ⇦.

Nuair is gá, cuirfidh an Bord Rialaithe ⇨ gearrliosta iarrthóirí ⇦ ~~togra~~faoi bhráid an Choimisiúin maidir le comhalta~~/~~ ⌦ nó ⌫ comhaltaí nua a cheapadh. Roghnófar ~~an t-iarrthóir/~~ na hiarrthóirí ⇨ gearrliostaithe ⇦ar bhonn toraidh nós imeachta thrédhearcaigh agus oscailte ⇨ arna thionscnamh ag EIT ⇦ ~~, lena ngabhann comhairliúchán le geallsealbhóirí~~.

Tabharfaidh an Coimisiún aird ar an gcothromaíocht idir taithí ar an ardoideachas, ar thaighde, ar nuálaíocht agus ar ghnó agus ar chothromaíocht inscne agus gheografach agus ar thuiscint ar an timpeallacht ardoideachais, taighde agus nuálaíochta ar fud an Aontais.

Ceapfaidh an Coimisiún an comhalta ~~/~~⌦ nó ⌫ na comhaltaí agus cuirfidh sé Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas maidir leis an bpróiseas roghnúcháin agus maidir le ceapachán deiridh chomhaltaí sin an Bhoird Rialaithe.

I gcás nach mbeidh ar chumas comhalta ~~ceaptha~~ a théarma oifige a chríochnú, ceapfar comhalta ionadaíoch tríd an nós imeachta céanna a úsáideadh chun an comhalta éagumasaithe a cheapadh, d'fhonn téarma oifige an chomhalta sin a chríochnú. Féadfaidh an Coimisiún comhalta ionadaíoch, a bhfuil téarma oifige níos lú ná dhá bhliain curtha isteach acu, a athcheapadh le haghaidh tréimhse ceithre bliana breise ar iarratas ón mBord Rialaithe.

~~Le linn idirthréimhse, déanfaidh na comhaltaí Boird a ceapadh ar feadh tréimhse sé bliana ar dtús a gcuid téarmaí oifige a chomhlíonadh. Go dtí an t-am sin, beidh 18 gcomhalta cheaptha ann. Laistigh de shé mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, roghnóidh an Bord Rialaithe, le formheas an Choimisiúin, aon trian den dáréag comhaltaí a cheapfar in 2012 chun téarma oifige dhá bhliain a chur isteach, agus roghnóidh sé aon trian le haghaidh tréimhse ceithre bliana agus aon trian le haghaidh tréimhse sé bliana.~~

⇩ nua

Déanfaidh an Coimisiún triúr comhaltaí breise den Bhord Rialaithe a cheapadh chun cúigear comhaltaí déag a bhaint amach laistigh d’ocht mí déag tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Déanfaidh na baill sin den Bhord a ceapadh roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo a dtéarma oifige nach bhféadfar a athnuachan a chomhlíonadh.

⬇ 1292/2013 Airteagal 2 agus Iarscríbhinn (oiriúnaithe)
⇨ nua

In imthosca eisceachtúla agus bonn cirt cuí leo, ⇨ go háirithe ⇦ chun iontaofacht an Bhoird Rialaithe a choinneáil, féadfaidh an Coimisiún, ar a thionscnamh féin, téarma oifige comhalta den Bhord a fhoirceannadh.

~~3. Toghfaidh PENanna triúr comhaltaí ionadaíocha óna n-eagraíochtaí comhpháirtíochta. Téarma oifige dhá bhliain ar féidir é a athnuachan uair amháin a bheidh acu. Beidh deireadh lena dtéarma oifige má fhágann siad PEN.~~

~~Is é an Bord Rialaithe a ghlacfaidh na coinníollacha agus na nósanna imeachta chun comhaltaí ionadaíocha a thoghadh agus chun comhaltaí eile a chur ina n-ionad ar bhonn togra ón Stiúrthóir. Leis an sásra seo, áircofar go ndéanfar ionadaíocht iomchuí ar an éagsúlacht agus cuirfear éabhlóid PENanna san áireamh.~~

~~Le linn idirthréimhse, déanfaidh na comhaltaí ionadaíocha a toghadh ar feadh tréimhse trí bliana ar dtús a gcuid téarmaí oifige a chomhlíonadh. Go dtí an t-am sin, beidh ceathrar comhaltaí ionadaíocha ann.~~

2~~4~~. Gníomhóidh comhaltaí an Bhoird Rialaithe chun leasa EIT, agus cosnóidh siad a spriocanna, a misean, a céannacht,a huathriail agus a comhsheasmhacht ar bhealach neamhspleách agus trédhearcach.

**ROINN 2**

*FREAGRACHTAÍ AN BHOIRD RIALAITHE*

1. Déanfaidh an Bord Rialaithe ⇨ , agus é ag comhlíonadh a fhreagrachta chun gníomhaíochtaí EIT a stiúradh, ⇦ na cinntí straitéiseacha ~~is gá~~, go háirithe:

(a) ⇨ Rannchuidiú EIT le togra an Choimisiúin maidir le ⇦ ~~dréacht-~~Cℎlár Oibre Straitéiseach um Nuálaíocht (COSN) ⌦ EIT a ghlacadh ⌫;

(b) ⇨ Doiciméad clársceidealaithe aonair ⇦ ~~clár saothair rollach tríbhliantúil~~, buiséad, cuntais bhliantúla agus clár comhardaithe agus tuarascáil bhliantúil gníomhaíochta ⇨ comhdhlúite ⇦ EIT a ghlacadh~~, ar bhonn togra ón Stiúrthóir~~;

(c~~b~~) critéir agus nósanna imeachta a ghlacadh chun gníomhaíochtaí PENanna a mhaoiniú, agus chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu, ⇨ lena n-airítear leithdháileadh uasta chistí EIT chucu ⇦ ~~ar bhonn togra ón Stiúrthóir~~;

(d~~e~~) an nós imeachta roghnúcháin maidir le PENanna a ghlacadh;

(ed) comhpháirtíocht a roghnú agus a ainmniú mar PEN nó ainmniúchán a tharraingt siar i gcás inarb iomchuí;

~~(e) an mheastóireacht leanúnach ar ghníomhaíochtaí PENanna a áirithiú;~~

---

⇩ nua

(f) an Stiúrthóir a údarú chun creat-chomhaontuithe comhpháirtíochta, comhaontuithe deontais agus meabhráin chomhair a ullmhú, a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích, le PENanna;

(g) an Stiúrthóir a údarú chun fad a chur leis an gcreat-chomhaontú comhpháirtíochta le PENanna ar feadh tréimhse níos faide ná an tréimhse a socraíodh i dtús báire;

(h) an Stiúrthóir a údarú chun comhaontuithe deontais a ullmhú, a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích le heintitis dhlíthiúla eile;

(i) nósanna imeachta éifeachtúla faireacháin agus meastóireachta maidir le feidhmiú EIT agus PENanna a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 19 faireachán a dhéanamh ar a gcur chun feidhme ag an Stiúrthóir;

(j) na bearta iomchuí a ghlacadh, lena n-airítear ranníocaíocht airgeadais EIT le PENanna a laghdú, a mhodhnú nó a tharraingt siar nó deireadh a chur leis na creat-chomhaontuithe comhpháirtíochta leo;

(k) EIT a chur chun cinn ar fud an domhain, d'fhonn a mhealltacht a mhéadú, agus chun na críche seo an Stiúrthóir a údarú meabhráin tuisceana le Ballstáit, tíortha comhlachaithe nó tríú tíortha a shíniú;

(l) cinneadh a dhéanamh maidir le dearadh agus comhordú gníomhaíochtaí tacaíochta arna ndéanamh ag PENanna chun cumas fiontraíochta agus nuálaíochta institiúidí ardoideachais agus a lánpháirtiú in éiceachórais nuálaíochta a chur chun cinn.

2. Déanfaidh an Bord Rialaithe na cinntí imeachta agus oibríochta is gá chun cúraimí agus gníomhaíochtaí EIT a chomhlíonadh, go háirithe:

---

🡻 1292/2013 Airteagal 2 agus Iarscríbhinn (oiriúnaithe)
⇨ nua

(af) a rialacha nós imeachta a ghlacadh, rialacha nós imeachta maidir leis an gCoiste Feidhmiúcháin, chomh maith le rialacha sonracha airgeadais EIT;

(bg) táillí cuí do chomhaltaí an Bhoird Rialaithe agus do chomhaltaí an Choiste Feidhmiúcháin a shainiú~~, trí chomhaontú leis an gCoimisiún~~~~,~~; ~~déanfar táillí den sórt sin~~ ⌦ a dhéanfar ⌫ a thagarmharcáil i gcoinne luacha saothair chomhchosúil sna Ballstáit;

(ch) nós imeachta a ghlacadh chun an Coiste Feidhmiúcháin ~~agus an Stiúrthóir~~ a roghnú;

(d~~i~~) ⌦ An Stiúrthóir ⌫ a cheapadh agus, más gá, ⇨ síneadh ama a chur lena théarma oifige ⇦ nó an Stiúrthóir⌦ a chur ⌫ ~~a bhriseadh as a phost~~⌦ as oifig ⌫ , ~~agus údarás araíonachta a fheidhmiú air nó uirthi~~ ⇨ i gcomhréir le Roinn 5 ⇦;

(e~~j~~) an tOifigeach Cuntasaíochta agus comhaltaí an Choiste Feidhmiúcháin a cheapadh;

(f~~k~~) cód dea-iompair a ghlacadh maidir le coinbhleachtaí leasa;

(g~~l~~) grúpaí comhairleacha a bhunú, i gcás inarb iomchuí, a bhféadfaidh ré shainithe a bheith acu;

(h~~m~~) Feidhm Iniúchóireachta Inmheánach a bhunú i gcomhréir le ⇨ rialacha airgeadais EIT ⇦ ~~Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2343/2002 ón gCoimisiún~~[1];

~~(n) beidh sé de chumhacht aige Fondúireacht a bhunú, a mbeidh sé de shainchuspóir aici gníomhaíochtaí EIT a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt dóibh;~~

(i~~o~~) cinneadh maidir le ⌦ teangacha ⌫ ⇨ oibre ⇦ ~~beartas teanga~~ EIT, agus prionsabail atá ann cheana maidir le hilteangachas agus riachtanais phraiticiúla a cuid oibríochtaí á gcur san áireamh;

~~(p) EIT a chur chun cinn ar fud an domhain, d'fhonn a mealltacht a mhéadú agus comhlacht den chéad scoth a dhéanamh di maidir le hardchaighdeán feabhais san ardoideachas, sa taighde agus sa nuálaíocht.~~

---

⇩ nua

(j) cruinniú ardleibhéil le PENanna a thionól ar bhonn bliantúil.

3. Déanfaidh an Bord Rialaithe cinntí i gcomhréir le Rialacháin Foirne Oifigigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh, arna leagan síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh 259/68[2] ón gComhairle , maidir le foireann EIT agus a choinníollacha fostaíochta, go háirithe:

(a) na bearta cur chun feidhme a ghlacadh le héifeacht a thabhairt do na Rialacháin Foirne agus do Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile, i gcomhréir le hAirteagal 110(2) de na Rialacháin Foirne;

(b) na cumhachtaí arna dtabhairt ag na Rialacháin Foirne don Údarás Ceapacháin agus ag na Coinníollacha Fostaíochta don Údarás atá Cumhachtaithe chun Conradh Fostaíochta a Thabhairt chun Críche ('Cumhachtaí an Údaráis Cheapacháin') a fheidhmiú, i gcomhréir le pointe (c);

(c) cinneadh a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 110(2) de na Rialacháin Foirne, bunaithe ar Airteagal 2(1) de na Rialacháin Foirne agus ar Airteagal 6 de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile, lena ndéanfar cumhachtaí ábhartha an

---

[1] ~~Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2343/2002 ón gCoimisiún an 23 Nollaig 2002 maidir leis an gcreat-Rialachán Airgeadais do na comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 185 de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle maidir leis an Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach (IO L 357, 31.12.2002, lch. 72).~~

[2] IO L 56, 4.3, 1968, lch. 1.

údaráis ceapacháin a tharmligean chuig an Stiúrthóir agus lena sonrófar na coinníollacha faoinar féidir an tarmligean cumhachtaí sin a chur ar fionraí. Beidh údarás ag an Stiúrthóir na cumhachtaí sin a fho-tharmligean.

(d) cinneadh a ghlacadh, i gcás inar gá in imthosca fíoreisceachtúla, tarmligean chumhachtaí an údaráis ceapacháin chuig an Stiúrthóir a chur ar fionraí go sealadach, chomh maith leis na cumhachtaí arna bhfo-tharmligean ag an Stiúrthóir, agus iad a fheidhmiú é féin nó iad a tharmligean chuig duine dá chomhaltaí nó do bhall foirne eile seachas an Stiúrthóir.

---

↓ 1292/2013 Airteagal 2 agus Iarscríbhinn
⇨ nua

**ROINN 3**

*FEIDHMIÚ AN BHOIRD RIALAITHE*

1. Toghfaidh an Bord Rialaithe a Chathaoirleach as ⇨ a ⇦ ~~líon na gcomhaltaí ceaptha~~ chomhaltaí. Dhá bhliain a mhairfidh téarma oifige an Chathaoirligh agus féadfar an téarma oifige a athnuachan aon uair amháin.

---

⇩ nua

2. Beidh ionadaí ón gCoimisiún páirteach i gcruinnithe an Bhoird Rialaithe, an ceart vótála aige, ach beidh gá lena chomhaontú i gcomhréir le mír 5. Beidh sé de cheart aige pointí a mholadh ar chlár oibre an Bhoird Rialaithe.

3. Beidh an Stiúrthóir rannpháirteach i gcruinnithe an Bhoird Rialaithe, gan an ceart vótála aige.

---

↓ 1292/2013 Airteagal 2 agus Iarscríbhinn (oiriúnaithe)
⇨ nua

4~~2~~. ~~Gan dochar do mhír 3,~~ D~~d~~éanfaidh an Bord Rialaithe cinntí a ghlacadh trí thromlach simplí dá chomhaltaí a bhfuil ceart vótála acu.

Éileoidh cinntí faoi phointí (a), (b), (c), (d), ⇨ agus (l) ⇦ de Roinn 2(1) agus pointí (d~~i~~) agus (i~~e~~) de Roinn 2(2), ~~agus~~ ⌦ chomh maith le ⌫ faoi mhír 1 den Roinn seo tromlach dhá thrian dá chomhaltaí a bhfuil ceart vótála acu, áfach.

~~3. Ní fhéadfaidh na comhaltaí ionadaíocha vóta a chaitheamh ar chinntí faoi phointí (b), (c), (d), (e), (f), (g), (i), (j), (k), (o) agus (p) de Roinn 2..~~

⇩ nua

5. Maidir le cinntí ón mBord Rialaithe, faoi phointí (c), (g), (i) agus (k) de Roinn 2(1), pointe (b) de Roinn 2(2) agus pointe (a) de Roinn 2(3), beidh gá le comhaontú an Choimisiúin, a bheidh á chur in iúl ag a ionadaí ar an mBord Rialaithe.

---

🡻 1292/2013 Airteagal 2 agus Iarscríbhinn
⇨ nua

6~~4~~. Tiocfaidh an Bord Rialaithe le chéile i ngnáthsheisiún ~~trí~~ ⇨ ceithre ⇦ huaire in aghaidh na bliana ar a laghad, agus tiocfaidh sé le chéile i seisiún urghnách nuair a thionólfaidh an Cathaoirleach é sin nó ar iarratas ó aon trian dá chomhaltaí uile ar a laghad ⇨ nó ó ionadaí ón gCoimisiún ⇦ .

---

🡻 1292/2013 Airteagal 2 agus Iarscríbhinn (oiriúnaithe)
⇨ nua

**ROINN 4**

*⌦ AN COISTE FEIDHMIÚCHÁIN ⌫*

1~~5~~. Beidh an Coiste Feidhmiúcháin de chúnamh ag an mBord Rialaithe ⌦ i gcomhlíonadh a chúraimí ⌫ .

2. ~~Triúr~~ ⇨ Ceathrar ⇦ comhaltaí ~~ceaptha~~ a bheidh ar an gCoiste Feidhmiúcháin agus Cathaoirleach an Bhoird Rialaithe a bheidh ina Chathaoirleach ar an gCoiste Feidhmiúcháin chomh maith. Roghnóidh an Bord Rialaithe an ~~triúr~~ ⇨ ceathrar ⇦ comhaltaí eile seachas an Cathaoirleach as líon chomhaltaí ~~ceaptha~~ an Bhoird Rialaithe ⇨ , lena soláthrófar cothromaíocht idir iad siúd a bhfuil taithí acu ar ghnó, ar an ardoideachas agus ar thaighde ⇦ . ⇨ Dhá bhliain a mhairfidh téarma oifige chomhaltaí an Choiste Feidhmiúcháin agus féadfar an téarma oifige a athnuachan aon uair amháin. ⇦

---

⇩ nua

3. An Coiste Feidhmiúcháin a dhéanfaidh cruinnithe an Bhoird Rialaithe a ullmhú i gcomhar leis an Stiúrthóir.

---

🡻 1292/2013 Airteagal 2 agus Iarscríbhinn

4. Féadfaidh an Bord Rialaithe cúraimí sonracha a tharmligean chuig an gCoiste Feidhmiúcháin.

⇩ nua

5. Féadfaidh an Bord Rialaithe a iarraidh ar an gCoiste Feidhmiúcháin maoirseacht agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme chinntí agus mholtaí an Bhoird Rialaithe.

6. Rachfar i gcomhairle leis an gCoiste Feidhmiúcháin i dtaca le dréacht-rannchuidiú EIT ar mholadh an Choimisiúin maidir leis an COSN, an dréacht-dhoiciméad clársceidealaithe aonair, an dréacht-thuarascáil bhliantúil gníomhaíochta, an dréachtbhuiséad bliantúil agus dréachtchuntais bhliantúla agus an clár comhardaithe sula gcuirtear iad faoi bhráid an Bhoird Rialaithe.

7. Déanfar cinntí an Choiste Feidhmiúcháin a ghlacadh le tromlach na gcomhaltaí a bheidh i láthair. Beidh aon vóta amháin ag gach comhalta.

8. Beidh an t-ionadaí ón gCoimisiún rannpháirteach i gcruinnithe Choiste Feidhmiúcháin, gan an ceart vótála aige. Beidh sé de cheart ag an ionadaí ón gCoimisiún pointí a mholadh ar chlár oibre an Bhoird Rialaithe.

9. Beidh an Stiúrthóir rannpháirteach i gcruinnithe Choiste Feidhmiúcháin, gan an ceart vótála aige.

10. Gníomhóidh comhaltaí an Choiste Feidhmiúcháin chun leasa EIT, agus cosnóidh siad a spriocanna, a mhisean, a chéannacht, a uathriail agus a chomhsheasmhacht ar bhealach neamhspleách agus trédhearcach. Tuairisceoidh siad don Bhord Rialaithe maidir leis na cinntí a glacadh agus na cúraimí a shann an Bord Rialaithe dóibh.

---

🡻 1292/2013 Airteagal 2 agus Iarscríbhinn (oiriúnaithe)
⇨ nua

**ROINN 54**

*AN STIÚRTHÓIR*

1. Duine a bheidh sa Stiúrthóir a bhfuil saineolas aige agus ardcháil air sna réimsí ina bhfeidhmíonn EIT. ⇨ Beidh an Stiúrthóir ina bhall foirne de EIT agus is mar ghníomhaire sealadach a fhostófar é faoi Airteagal 2(a) de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile. ⇦

2. Ceapfaidh an Bord Rialaithe an Stiúrthóir ⇨ ó liosta iarrthóirí a mholfaidh an Coimisiún tar éis nós imeachta roghnúcháin oscailte agus trédhearcach. Chun conradh a thabhairt i gcrích leis an Stiúrthóir, déanfaidh Cathaoirleach an Bhoird Rialaithe ionadaíocht ar EIT. ⇦

⌦ 3. Ceithre bliana a mhairfidh ⌫ ~~ar feadh téarma oifige ceithre bliana~~ ⌦ an Stiúrthóra ⌫. Féadfaidh an Bord Rialaithe ⇨ , ag gníomhú dó ar thogra ón gCoimisiún a chuireann san áireamh an mheastóireacht a rinne sé ar fheidhmíocht an Stiúrthóra agus ar chúraimí agus dúshláin EIT amach anseo, ⇦ síneadh ama ~~ceithre bliana~~ ⇨ suas le dhá bhliain ⇦ a chur leis an téarma oifige sin ~~aon uair amháin má mheasann sé gur le leas EIT é déanamh amhlaidh~~. ⇨ Ní fhéadfaidh Stiúrthóir a bhfuil síneadh curtha lena théarma oifige a bheith rannpháirteach in aon nós imeachta roghnúcháin eile don phost céanna. ⇦

⇩ nua

4. Ní fhéadfar an Stiúrthóir a chur as oifig ach amháin ar chinneadh ón mBord Rialaithe ag gníomhú dó ar thogra ón gCoimisiún.

---

🡻 1292/2013 Airteagal 2 agus Iarscríbhinn
⇨ nua

~~5~~2. Beidh an Stiúrthóir freagrach as oibríochtaí agus as EIT a bhainistiú ó lá go lá agus is é an Stiúrthóir a bheidh ina ionadaí dlíthiúil air. Beidh an Stiúrthóir freagrach don Bhord Rialaithe agus tuairisceoidh sé dó ar bhonn leanúnach maidir le forbairt EIT ⇨ agus maidir le gach gníomhaíocht a thagann faoina chúram ⇦ .

6~~3~~. Déanfaidh an Stiúrthóir an méid seo a leanas, go háirithe:

(a) gníomhaíochtaí EIT a eagrú agus a bhainistiú;

(b) tacaíocht a thabhairt don Bhord Rialaithe agus don Choiste Feidhmiúcháin ina gcuid oibre, an rúnaíocht a chur ar fáil dá gcruinnithe agus gach faisnéis is gá a sholáthar chun go bhféadfaidh siad a ndualgais a chur i gcrích;

---

⇩ nua

(c) tacaíocht a thabhairt don Bhord Rialaithe maidir le rannchuidiú EIT le togra an Choimisiúin maidir leis an COSN a ullmhú;

---

🡻 1292/2013 Airteagal 2 agus Iarscríbhinn (oiriúnaithe)
⇨ nua

(d~~e~~) ~~dréacht-COSN~~ ⇨ an dréacht-dhoiciméad clársceidealaithe aonair ⇦ ~~réamhchlár saothair rollach tríbhliantúil~~, an dréacht-thuarascáil bhliantúil ⌦ gníomhaíochta ⌫ ⇨ comhdhlúite ⇦ agus an dréachtbhuiséad bliantúil a ullmhú d'fhonn iad a chur faoi bhráid an Bhoird Rialaithe;

(c~~d~~) an nós imeachta roghnúcháin le haghaidh PENanna a ullmhú agus a riaradh agus a áirithiú go gcuirfear na céimeanna éagsúla den phróiseas sin i bhfeidhm ar bhealach trédhearcach agus oibiachtúil ⇨ , faoi mhaoirseacht an Bhoird Rialaithe ⇦ ;

(f~~e~~) ⇨ le comhaontú ón mBord Rialaithe, creat-chomhaontuithe comhpháirtíochta, ⇦ comhaontuithe ~~conarthacha~~ ⇨ deontais ⇦ ⇨ agus meabhráin chomhair ⇦ le PENanna a ullmhú, a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích;

⇩ nua

(g) comhaontuithe deontais a ullmhú, a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích le heintitis dhlíthiúla eile, le comhaontú ón mBord Rialaithe;

---

🡻 1292/2013 Airteagal 2 agus Iarscríbhinn
⇨ nua

(hf) ⇨ Cruinnithe ⇦ Fhóram na nGeallsealbhóirí ~~a eagrú, lena n-áirítear an chumraíocht speisialta d'i~~ ⇨ agus Grúpa ⇦ Iionadaithe na mBallstát ⇨ a eagrú, faoi mhaoirseacht an Bhoird Rialaithe ⇦ ;

---

⇩ nua

(i) meabhráin tuisceana le Ballstáit, tíortha comhlachaithe nó tríú tíortha a shíniú le comhaontú ón mBord Rialaithe, agus é mar chuspóir aige EIT a chur chun cinn ar fud an domhain;

---

🡻 1292/2013 Airteagal 2 agus Iarscríbhinn (oiriúnaithe)
⇨ nua

(jg) a áirithiú go gcuirfear nósanna imeachta éifeachtúla faireacháin agus meastóireachta maidir le feidhmiú EIT chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 19~~16 den Rialachán seo~~ ⇨ , faoi mhaoirseacht an Bhoird Rialaithe; ⇦

(kh) beidh an Stiúrthóir freagrach as cúrsaí riaracháin agus airgeadais, ⇨ i gcomhréir le prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais, ⇦ lena n-áirítear buiséad EIT a chur chun feidhme, agus aird iomchuí á tabhairt ar an gcomhairle a gheofar ón bhFeidhm Iniúchóireachta Inmheánach;

~~(i) beidh an Stiúrthóir freagrach as cúrsaí uile na foirne;~~

(lj) na dréachtchuntais bhliantúla agus an clár comhardaithe a chur faoi bhráid na Feidhme Iniúchóireachta Inmheánaí agus ina dhiaidh sin faoi bhráid an Bhoird Rialaithe~~, tríd an gCoiste Feidhmiúcháin~~;

(mk) a áirithiú go gcomhlíonfar oibleagáidí EIT maidir leis na conarthaí agus na comhaontuithe atá tugtha i gcrích aige⇨ , faoi mhaoirseacht an Bhoird Rialaithe ⇦ ;

(nl) cumarsáid éifeachtach a áirithiú le hinstitiúidí an Aontais ⇨ , faoi mhaoirseacht an Bhoird Rialaithe ⇦ ;

(om) gníomhóidh an Stiúrthóir chun leasa EIT, agus a spriocanna agus a mhisean, a chéannacht a uathriail agus a chomhsheasmhacht a choimirciú ar bhealach neamhspleách agus trédhearcach.

⇩ nua

7. Cuirfidh an Stiúrthóir i gcrích aon chúram a chuirtear air ag an mBord Rialaithe agus ar a fhreagracht.

↓ 1292/2013 Airteagal 2 agus Iarscríbhinn (oiriúnaithe)
⇨ nua

**ROINN 65**

*FOIREANN EIT ⌦ AGUS SAINEOLAITHE NÁISIÚNTA AR IASACHT ⌫*

1. Is é a bheidh i bhfoireann EIT comhaltaí foirne a bheidh fostaithe go díreach ag EIT ~~faoi chonarthaí ar théarma seasta~~. Beidh feidhm ag ⇨ na Rialacháin Foirne, ⇦ Ceoinníollacha Ffostaíochta Sseirbhíseach Eeile ⇨ agus ag na rialacha arna nglacadh trí chomhaontú idir institiúidí ⇦ an Aontais ~~Eorpaigh~~ ⇨ a thugann éifeacht dóibh ⇦ maidir ~~leis an Stiúrthóir agus~~ le foireann EIT.

2. Féadfar saineolaithe ⌦ náisiúnta ⌫ a thabhairt ar iasacht do EIT ar feadh tréimhse theoranta. Glacfaidh an Bord Rialaithe forálacha lena gcuirfear ar chumas saineolaithe ⌦ náisiúnta ⌫ a bheidh ar iasacht obair a dhéanamh in EIT agus lena saineofar cearta agus freagrachtaí na saineolaithe sin.

~~3. Feidhmeoidh EIT, i leith a foirne féin, na cumhachtaí arna dtarmligean chuig an údarás arna údarú chun na conarthaí lena foireann a chur i gcrích.~~

~~4. Féadfar a cheangal ar chomhalta foirne aon damáiste a fhulaingeoidh EIT a shlánú go hiomlán nó go páirteach, i gcás inar damáiste é a rinneadh de thoradh mí-iompair thromchúisigh uaidh nó uaithi i bhfeidhmiú a dhualgas nó a dualgas nó a bhain le feidhmiú a dhualgas nó a dualgas.~~

## IARSCRÍBHINN II

**Rialachán arna aisghairm agus an leasú air**

| | |
|---|---|
| Rialachán (CE) Uimh. 294/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle | (IO L 97, 9.4.2008, lch. 1) |
| Rialachán (AE) Uimh. 1292/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle | (IO L 347, 20.12.2013, lch. 174) |

_____________

## IARSCRÍBHINN III

### TÁBLA COMHGHAOIL

| Rialachán (CE) Uimh. 294/2008 | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 1 | Airteagal 1 |
| Pointe 1 d'Airteagal 2 | Pointe 1 d'Airteagal 2 |
| Pointe 2 d'Airteagal 2 | Pointe 2 d'Airteagal 2 |
| Pointe 3 d'Airteagal 2 | - |
| Pointe 5 d'Airteagal 2 | Pointe 3 d'Airteagal 2 |
| Pointe 6 d'Airteagal 2 | Pointe 4 d'Airteagal 2 |
| Pointe 7 d'Airteagal 2 | Pointe 5 d'Airteagal 2 |
| - | Pointe 6 d'Airteagal 2 |
| Pointe 8 d'Airteagal 2 | - |
| Pointe 9 d'Airteagal 2 | Pointe 7 d'Airteagal 2 |
| Pointe 9a d'Airteagal 2 | Pointe 8 d'Airteagal 2 |
| Pointe 10 d'Airteagal 2 | Pointe 9 d'Airteagal 2 |
| - | Pointe 10 d'Airteagal 2 |
| Pointe 11 d'Airteagal 2 | Pointe 11 d'Airteagal 2 |
| - | Pointe 12 d'Airteagal 2 |
| - | Pointe 13 d'Airteagal 2 |
| Airteagal 3 | Airteagal 3 |
| Airteagal 4(1)(a) | Airteagal (5)(1)(a) agus (b) |
| Airteagal 4(1)(c) | Airteagal 5(1)(c) |
| Airteagal 4(1)(d) | Airteagal 5(1)(d) |
| Airteagal 4(2) | - |
| Airteagal 4(3) | Airteagal 5(2) |
| Airteagal 5(1)(a) go (c) | Airteagal 6(a) go (d) |
| Airteagal 5(1)(d) | - |

| | |
|---|---|
| Airteagal 5(1)(e) go (i) | Airteagal 6(e) go (i) |
| Airteagal 5(1)(j) | - |
| Airteagal 5(1)(k) | Airteagal 6(j) agus (k) |
| - | Airteagal 6(l) |
| Airteagal 5(2) | - |
| Airteagal 6(1)(a) go (e) | Airteagal 7(1)(a) go (e) |
| Airteagal 6(2)(a) go (e) | Airteagal 7(2)(a) go (e) |
| Airteagal 6(3) | Airteagal 7(3) |
| - | Airteagal 8 |
| Airteagal 7(1) | Airteagal 9(1) |
| Airteagal 7(1a) | Airteagal 9(2) |
| Airteagal 7(2) | - |
| Airteagal 7(3) | Airteagal 9(3) |
| Airteagal 7(4) | Airteagal 9(4) |
| Airteagal 7(5) | Airteagal 9(5) |
| Airteagal 7a | Airteagal 10 |
| Airteagal 7b(1) | - |
| Airteagal 7b(2) | Airteagal 11(1) |
| Airteagal 7b(3) | Airteagal 11(2) |
| Airteagal 7b(4) | Airteagal 11(3) |
| - | Airteagal 11(4) |
| Airteagal 8 | Airteagal 12 |
| Airteagal 9 | Airteagal 13 |
| Airteagal 11 | Airteagal 14 |
| Airteagal 12 | Airteagal 15 |
| Airteagal 13 | Airteagal 16 |
| Airteagal 14(1) | - |

| | |
|---|---|
| Airteagal 14(2) | Airteagal 17(1) |
| Airteagal 14(3) | Airteagal 17(2) |
| - | Airteagal 17(3) |
| Airteagal 14(4) | Airteagal 17(4) |
| Airteagal 14(5) | Airteagal 17(5) |
| Airteagal 14(6) | - |
| - | Airteagal 17(6) |
| Airteagal 14(7) | Airteagal 17(7) |
| Airteagal 15(1) | Airteagal 18(1) |
| Airteagal 15(2) | Airteagal 18(2) |
| Airteagal 16(1) | Airteagal 19(1) |
| Airteagal 16(2) | Airteagal 19(2) |
| Airteagal 16(2 a) | Airteagal 19(3) |
| Airteagal 16(3) | Airteagal 19(4) |
| Airteagal 17(1) | Airteagal 4(4) |
| Airteagal 17(2) | Airteagal 4(1) |
| Airteagal 17(2 a) | Airteagal 4(2) |
| Airteagal 17(3) | Airteagal 4(3) |
| Airteagal 17(4) | Airteagal 4(5) |
| Airteagal 18 | - |
| Airteagal 19(1) | - |
| - | Airteagal 20(1) |
| Airteagal 19(2) | - |
| Airteagal 19(3) | Airteagal 20(2) |
| Airteagal 20(1) | Airteagal 21(1) |
| Airteagal 20(2) | - |

| | |
|---|---|
| Airteagal 20(3) | Airteagal 21(2) |
| Airteagal 20(4) | - |
| Airteagal 20(5) | Airteagal 21(3) |
| Airteagal 20(6) | - |
| Airteagal 20(7) | - |
| Airteagal 20(8) | Airteagal 21(4) |
| Airteagal 20(9) | Airteagal 21(5) |
| Airteagal 20(10) | Airteagal 21(6) |
| Airteagal 21(1) | Airteagal 22(1) |
| Airteagal 21(1a) | Airteagal 22(2) |
| Airteagal 21(2) | Airteagal 22(3) |
| Airteagal 21(3) | Airteagal 22(4) |
| Airteagal 21(4) | - |
| Airteagal 22 | Airteagal 23 |
| Airteagal 22 a | Airteagal 24 |
| Airteagal 23 | Airteagal 25 |
| - | Airteagal 26 |
| Airteagal 24 | Airteagal 27 |
| Iarscríbhinn | Iarscríbhinn I |
| - | Iarscríbhinn II |
| - | Iarscríbhinn III |